

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI01

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar cad a bhíonn i gceist againn lenár n-imshaol, smaoineoidh siad ar an áit timpeall orthu féin agus déanfaidh siad léarscáil de chlós na scoile agus d'imshaol na scoile.

Cuspóirí

Ag forbairt feasacht áitiúil, scileanna léarscáilíochta agus tuiscint ar an nádúr comhtháite a bhaineann le saincheisteanna áitiúla agus caighdeán saoil.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna agus coincheapa

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint

d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

Am

20-30 nóiméad ag cur i láthair; 40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíochta léarscáilíochta

Nascadh le Scoileanna Glasa

Ag baint leasa as léarscáilíochta mar uirlis le smaoineamh ar shaincheisteanna imshaoil i gclós na scoile agus sa cheantar áitiúil.

Léarscáil taisce

AG DÉANAMH LÉARSCÁILE DE DO THIMPEALLACHT

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Bileog gníomhaíochta atá faoi iamh
- Páipéar
- Pinn luaidhe
- Cairtchlár cruath le cromadh anuas air
- Fáiscíní leis an bpáipéar a chur i bhfostú den chairtchlár

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

- 1 Scríobh an focal imshaol ar an gclár dubh, iarr ar na daltaí focail a smaoiníonn siad orthu nuair a chloiseann siad an focal 'imshaol' a fhógairt.
- 2 Pléigh cuid de na focail a luann na daltaí. Cad atá comónta idir na focail sin go léir?
- 3 Beidh baint ag na focail go léir ar bhealach éigin le timpeallacht na ndaltaí. D'fhéadfadh gur cuid dá dtimpeallacht áitiúil, náisiúnta nó fiú amháin a dtimpeallacht domhanda a bheadh i gceist.


Tá cuid de na focail a luaigh séú rang amháin tugtha mar shamplaí thíos.



CÚRAM IMSHAOL

Gníomhaíocht CI01

ar leanúint →



- 4 Míneadh don rang nuair a chloiseann daoine an focal 'imshaol' ar an nuacht go mbaineann sé go hiondúil le fadhbanna móra a bhaineann leis an imshaol, mar fhoraoisí báistí atá ag dul i léig, doirteadh ola ollmhór nó téamh domhanda.
- 5 Ach is éard atá san imshaol ná díreach ár dtimpeallacht - na daoine a shuíonn in aice linn, ár dteaghlach, ár gcomharsana agus cairde, ár scoil, ár gcuid dtithe, ár mbailte, ár dtír agus ansin An Eoraip agus an Domhan.
- 6 Bíonn sé deacair a shamhlú conas is féidir linn an t-imshaol a chaomhnú de bhrí go bhfuil sé chomh mór sin. Díríonn an ghníomhaíocht seo ar a ngarthimpeallacht a chur in aithne do dhaltaí agus smaoineamh ar conas cúram a dhéanamh dá n-imshaol áitiúil mar phointe tosaigh.
- 7 Tabhair cóip den bhileog gníomhaíochta thíos do gach

dalta. Iarr orthu an oiread rudaí agus atá siad in ann smaoineamh orthu a líonadh isteach i ngach ciorcal ar chuid dár dtimpeallacht iad nó a mbíonn tionchar acu ar a dtimpeallacht. D'fhéadfadh gur rudaí maithe nó drochrudaí a bheadh sna rudaí sin nó d'fhéadfaidís a bheith neodrach: mar shampla d'fhéadfadh graifítí agus leabhair scoile a bheith sa chiorcal 'Mo deasc'; d'fhéadfadh bruscar a bheith ar an urlár agus plandaí a bheith ar leac na fuinneoige sa chiorcal 'Mo sheomra ranga', d'fhéadfadh bruscar a bheith sna dorchaí, crainn i gclós na scoile agus carranna a bheith ag blocáil an chosáin sa chiorcal 'Mo scoil' agus d'fhéadfadh boscaí bruscair, bruscar ar na sráideanna, crainn réabtha, bóithre gnóthacha, potaí plandaí, guma coganta a bheith ar an gcosán agus soilse tráchta do choisithe a bheith sa chiorcal 'Mo cheantar áitiúil'.

- 8 Ba chóir do na daltaí anois smaoineamh ar léarscáil a dhéanamh de gach ceann de na ceantair sin. D'fhéadfaidís oibriú mar ghrúpa amháin ar gach léarscáil nó iad a roinnt i ngrúpaí níos lú, ag brath ar aoisghrúpa na ndaltaí agus saincheisteanna sábháilteacha. Tá cur síos déanta ar theicníc léarscáilíochta sa bhosca thíos.

Ar aghaidh leat

- 1 Cad a d'fhéadfá a dhéanamh le do chuid léarscáileanna a dhéanamh níos cruinne? Conas a d'fhéadfá achar chlós na scoile a thomhas?
- 2 An bhféadfá ábhair athchúrsáilte nó ceardlainne a úsáid le dathanna breise a chur leis na léarscáileanna? D'fhéadfaí léarscáileanna a dhéanamh níos mine, fiú amháin cinn tríthoiseacha (m.sh. ag baint leasa as boscaí sú le foirgnimh a dhéanamh.)

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI01

ar leanúint →

3 Féach ar shamplaí de léirscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis ó do cheantar áitiúil. Píoc amach gnéithe sainiúla a d'fhéadfadh a bheith ar eolas ag na daltaí. D'fhéadfadh gur ainmneacha sráideanna, páirceanna agus aibhneacha a bheadh iontu seo sa chathair agus i gceantair thuaithe d'fhéadfadh gur sráidbhailte, lochanna, aibhneacha agus sléibhte a bheadh i gceist.

TEICNÍC LÉARSCÁILÍOCHTA

1 Ba chóir go mbeadh píosa glan páipéir ag gach dalta, chomh maith le peann luaidhe, rud éigin crua le cromadh anuas air agus iad ag siúl agus fáiscíní leis an bpáipéar a chur i bhfostú den áit chrua.

2 Ba chóir teorainneacha na léarscáile a chinneadh sula dtosaítear an cleachtadh léarscáilíochta. B'fhéidir go mbeidís sin soiléir go maith ó thaobh an tseomra ranga agus clós na scoile, ach b'fhéidir go mbeadh na daltaí ag iarraidh a gcuid teorainneacha féin a leagan síos i gcás léarscáil a gceantar féin, i.e. chomh fada le soilse tráchta áirithe agus siopa ar leith. B'fhéidir go dteastódh ó mhúinteoirí teorainneacha a roghnú atá achar sábháilte ó bhóithre.

3 Sula ndéanann siad léarscáil de cheantar d'fhéadfadh daltaí cinneadh a dhéanamh ar na siombailí a bheidís a iarraidh. Mar shampla in áit gach deisce sa seomra ranga a tharraingt d'fhéadfaidís siombail a bheith acu a sheasfadh do dheasc dalta. D'fhéadfaidís siombailí a bheith i gclós na scoile i gcás fáлта, ballaí, crainn agus carranna. I gcás léarscáil den cheantar, d'fhéadfadh siombailí a bheith ann do shoilse tráchta, do gharraithe, siopaí, boscaí bruscair agus do chosáin. Ba chóir na siombailí a dhearadh roimh ré agus comhaontú a bheith déanta fúthu. Ba chóir do na daltaí na siombailí sin a tharraingt agus an chiall atá leo ar choirneál an pháipéir sula a ndéanann siad a gcuid léarscáileanna.

4 Ba chóir do dhaltá tús a chur lena ngníomhaíocht trí shiúl timpeall ar an áit a bhfuil siad ag dul ag déanamh léarscáile de le haghaidh imlíne na léarscáile a fháil má tá sé i gclós na scoile. Féadfaidh siad ansin foirgnimh scoile agus gnéithe timpeall chlós na scoile a líonadh isteach ar an léarscáil (nó deasca múinteoirí agus gnéithe eile mar sin sa seomra ranga).

5 B'fhéidir go mbeadh múinteoirí ag iarraidh léarscáileanna den cheantar áitiúil a úsáid leis an gcleachtadh a chur i láthair na ndaltaí, agus gnéithe mar scála

agus siombailí a úsáideadh a mharcáil isteach.

6 Féadfaidh daltaí féachaint ar na léarscáileanna atá ag daltaí eile go bhfeicfidh siad an dtabharfaidh siad ar fad na rudaí céanna faoi deara.

7 Féadfaidh siad ansin leagan deiridh den léarscáil a tharraingt agus iad ar ais sa seomra ranga.

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI01

CONTAE

TÍR

